Pleanáil

Ag Tosú le Pleanáil
Treoir Úsáideora

Do chéad laethanta pleanála i bPleanáil: socraigh do churaclam, cruthaigh do phleananna fadtéarmacha, tóg plean coicísiúil, taifead a ndearna tú agus priontáil an Cúntas Míosúil.



Tá an treoir seo ar fáil i mBéarla freisin: pleanail.ie/guides

Do Pleanáil 2.6 · Deireadh Fómhair 2026 · pleanail.ie

Is ón scoil taispeána (Scoil Samplach) na scáileáin, agus an comhéadan Gaeilge in úsáid.

CLÁR

- Forléargas: mar atá an phleanáil eagraithe 3

1 Do churaclam a shocrú 4

2 Do phleananna fadtéarmacha a chruthú 5

3 Do chéad phlean coicísiúil a chruthú 6

4 Ábhar agus a thorthaí foghlama a chur leis 7

5 An plean a mharcáil Déanta agus an Cúntas Míosúil a thógáil 8


6 Priontáil, easpórtáil, agus d'fhillteán cigireachta 9

- Ceisteanna coitianta 10

FORLÉARGAS

Mar atá an phleanáil eagraithe

Tar éis duit logáil isteach, cuireann **Baile** ceist amháin: cad ba mhaith leat a dhéanamh inniu? Is jab amháin gach cárta, agus tá an chéad chéim is ciallmhaire aibhsithe.



Baile: jabanna na pleanála, agus "Tosaigh anseo" ar an gcéad chéim eile.

- **Mo Shocrú Curaclaim**: cén leagan curaclaim atá in úsáid agat do gach réimse. Socraigh é seo ar dtús (Conas 1).
- **Mo Phleananna**: gach rud a chruthaíonn tú, i gcúig tháb: Seachtainiúil, Coicísiúil, Míosúil, Fadtéarmach, agus Cúntas Míosúil.
- **Ullmhúchán Taifeadta**: d'fhillteán pleanála, gach cáipéis mar PDF (Conas 6).
- **Scoil & Brandáil**: ainm agus suaitheantas do scoile, priontáilte ar do phleananna.
- Tá a treoir féin ag an b**Pleanáil SET**: an Treoir Úsáideora SET ar pleanail.ie/guides.

Rithim na bliana: socraigh do churaclam uair amháin, leag amach an bhliain sna pleananna fadtéarmacha, ansin pleanáil coicís ar choicís. Nuair a bhíonn plean múinte, marcáil **Déanta** é; ag deireadh gach míosa cuirtear na pleananna Déanta le chéile sa Chúntas Míosúil.


> **English / Gaeilge:** athraíonn an dá chnaipe ag barr an leathanaigh an aip ar fad, pleananna agus priontálacha san áireamh, am ar bith. Ar chuntas aonair (Solo Teacher) is leatsa amháin do chuid pleanála; ar cheadúnas scoile uile (Whole School) tá radharc ag an bpríomhoide.

CONAS 1

Do churaclam a shocrú

Cá: Mo Shocrú Curaclaim, sa roghchlár ar chlé. Socruithe an Churaclaim is teideal don leathanach. **Cathain:** uair amháin, roimh do chéad phlean.

1. Oscail **Mo Shocrú Curaclaim**. Tagann an curaclam athfhorbartha isteach réimse ar réimse: tá an Béarla, an Ghaeilge agus an Mhatamaitic ar a gcuraclaim reatha cheana, agus fanann gach réimse eile ar churaclam 1999 go dtí go gcuireann do scoil an tsonraíocht nua i bhfeidhm. Socrú pearsanta é seo: sáraíonn do rogha féin réamhshocrú na scoile, mar sin socraíonn múinteoir aonair gach réimse de réir a scoile féin.
2. Do gach réimse, faoi **Roghnaigh leagan**, roghnaigh an leagan atá in úsáid ag do scoil. Taispeánann an lipéad in aice le **Currently using:** cé as a dtáinig an socrú: do rogha féin, réamhshocrú na scoile, nó réamhshocrú an chórais.
3. Tá STEM agus Clár an Phátrúin roghnach: brúigh **Cumasaigh** má úsáideann do scoil iad.
4. I **Do ghnáthchur chuige** ag barr an leathanaigh, ticeáil na modheolaíochtaí teagaisc agus na cuir chuige mheasúnaithe a úsáideann tú de ghnáth, ansin brúigh **Cuir i bhfeidhm ar mo chuid ábhar (líon na bearnaí)**. Líontar gach réimse folamh modheolaíochta agus measúnaithe ar do phleananna fadtéarmacha agus coicísiúla; ní scriostar aon rud atá scríofa agat.



Socruithe an Churaclaim: Do ghnáthchur chuige, agus cárta do gach réimse curaclaim thíos faoi.


> Socraíonn do rogha curaclaim na hábhair agus na torthaí foghlama a thaispeántar agus tú ag tógáil pleananna. Coinníonn pleananna atá ann cheana an leagan curaclaim lenar cruthaíodh iad.

CONAS 2

Do phleananna fadtéarmacha a chruthú

Cá: Baile → Pleanáil mo bhliain, nó Mo Phleananna → Fadtéarmach. **Cathain:** ag tús na bliana; is féidir iad a athrú i rith na bliana.

1. Faoi **Roghnaigh Leibhéal Ranga**, roghnaigh do rang.
2. Má roinneann do rang céim le rang eile (mar shampla Rang 3 agus Rang 4), tairgeann cárta **an chéim a phleanáil uair amháin**: ticeáil é agus clúdaíonn aon phlean amháin an dá rang. Déanann an dara cárta an rud céanna do rang comhcheangailte thar chéimeanna.
3. Gheobhaidh tú plean amháin in aghaidh an ábhair. Cruthaíonn **Socraigh gach ceann de 8** → dréacht do gach ábhar le torthaí do leibhéil ranga mar thúsphointe, nó brúigh **Socraigh** → in aice le hábhar amháin chun é a dhéanamh tú féin.
4. Laistigh d'ábhar, ticeáil na torthaí a dtabharfaidh tú tosaíocht dóibh i mbliana. Molann treoir 2026 plean fócasaithe seachas gach rud a thiceáil.
5. Líon isteach sonraí an phlean: Aidhmeanna, Modheolaíochtaí, Cur Chuige Measúnaithe, Acmhainní, Nótaí Eile. Má chuir tú Do ghnáthchur chuige i bhfeidhm (Conas 1), tá dhá cheann díobh líonta cheana.
6. Brúigh **Sábháil Plean** (ainmníonn an cnaipe gach ábhar), ansin ar aghaidh go dtí an chéad ábhar eile.



Forléargas na bPleananna Fadtéarmacha: cárta na céime ar barr, ró do gach ábhar thíos.


> Teastaíonn seoladh ríomhphoist deimhnithe le haghaidh pleananna fadtéarmacha; úsáid an nasc ó do ríomhphost cláraithe.

CONAS 3

Do chéad phlean coicísiúil a chruthú

Cá: Baile → Pleanáil an chéad bhloc eile, nó Mo Phleananna → + Plean Coicísiúil Nua

1. Faoi **Conas a mhúineann tú an plean seo?** roghnaigh **Rang amháin**. (Clúdaíonn an dá chárta eile múineadh ilghráid agus grúpaí ranga ar leithligh, mar shampla SET.)
2. Roghnaigh do **leibhéal ranga**. Cuimhníonn Pleanáil air don chéad uair eile.
3. Faoi **Fad na Pleanála**, roghnaigh **Seachtainiúil**, **Coicísiúil** nó **Míosúil**. Feileann an choicís don chuid is mó de mhúinteoirí; an tseachtain an rithim a úsáideann go leor NQTanna le linn Droichead.
4. I **Roghnaigh Coicís**, cliceáil do dhátaí san fhéilire. Taispeánann an ghreille an scoilbhliain ar fad ina téarmaí, agus marcálann an eochair gach bloc: Gan tosú, Dréacht, Críochnaithe.
5. Brúigh **Cruthaigh Plean** →.




Socrú an phlean: conas a mhúineann tú, leibhéal ranga, fad, agus an féilire thíos faoi.

CONAS 4

Ábhar agus a thorthaí foghlama a chur leis

Cá: tar éis Cruthaigh Plean tagann tú go Cuir Ábhar Leis; ina dhiaidh sin, brúigh **+ Cuir Ábhar Leis** ar an bplean.

1. Roghnaigh cárta ábhair. Leanann na leaganacha a thaispeántar do shocruithe curaclaim.
2. Faoi **Snáitheanna agus Torthaí Foghlama** (deir na hábhair teanga **Gnéithe agus Torthaí Foghlama**), oscail snáithe, ansin snáithaonad, agus ticeáil na torthaí atá á múineadh agat an choicís seo. Aimsíonn an bosca cuardaigh toradh áit ar bith san ábhar.
3. Líon **Fócas na Foghlama**, **Eispéiris Foghlama**, **Measúnú** agus **Modheolaíochtaí Múinteoireachta**. Cuireann na sceallóga moltaí gnáthfhocail isteach le tapáil amháin, agus sábhálann **+ Cuir do cheann féin leis** do chuid sceallóg féin don chéad uair eile.
4. Brúigh **✓ Sábháil Ábhar**, ansin cuir an chéad ábhar eile leis. Sábhálann gach rud eile ar an bplean go huathoibríoch agus tú ag clóscríobh.



Torthaí foghlama an Bhéarla á dticeáil, agus bosca cuardaigh an churaclaim os a gcionn.


> Taispeánann na poncanna daite in aice le torthaí do chlúdach go dtí seo i mbliana: clúdaithe go hiomlán, clúdaithe go páirteach, gan tosú fós. Líonann siad isteach de réir mar a thógann do Chúntais (Conas 5), ionas go bhfeiceann tú d'aon amharc amháin a bhfuil fágtha sa bhliain.

CONAS 5

An plean a mharcáil Déanta agus an Cúntas Míosúil a thógáil

Cá: leathanach an phlean, ansin Mo Phleananna → Cúntas Míosúil

1. Nuair a bhíonn plean múinte, oscail é agus brúigh an cnaipe glas **Déanta**. Ní théann ach pleananna Déanta isteach i gCúntas.
2. Oscail **Mo Phleananna → Cúntas Míosúil** agus aimsigh **Cruthaigh Cúntas Míosúil**. Ticeáil pleananna uile na míosa, bídís seachtainiúil, coicísiúil nó míosúil, ansin brúigh **Cruthaigh Cúntas ó 1 phlean** (comhaireann an cnaipe do thiceanna).
3. Ar an taifead, cliceáil gach toradh foghlama chun a staid a athrú: gan chlúdach → clúdaithe → ar siúl (ag leanúint ar aghaidh an mhí seo chugainn). Tugtar torthaí "ar siúl" isteach i gCúntas na míosa seo chugainn go huathoibríoch.
4. Scríobh líne nó dhó in **Obair a Rinneadh** agus i **Machnamh** do gach ábhar.
5. Brúigh **Save Draft** le filleadh air níos deireanaí, nó **Mark Complete** nuair atá sé réidh, ansin **Easpórtáil → PDF** don fhillteán.



An Cúntas Míosúil: cliceáil torthaí chun clúdach a thaifeadadh, ansin Obair a Rinneadh agus Machnamh thíos.

CONAS 6


Priontáil, easpórtáil, agus d'fhillteán cigireachta

Cá: na cnaipí ar aon phlean, agus Ullmhúchán Taifeadta sa roghchlár ar chlé

Priontálann gach plean óna leathanach féin:

- Sábhálann **Íoslódáil PDF** an plean críochnaithe; easpórtálann **Word** cóip inchurtha in eagar; osclaíonn **Amharc Priontála** an leathanach inphriontáilte i dtáb nua.
- Nuair atá níos mó ná ábhar amháin ar phlean, ticeáil **At a Glance page** chun tábla achomair aon leathanaigh a chur le tús an phriontáilte.
- Socraigh ainm agus suaitheantas do scoile uair amháin i **Scoil & Brandáil** agus feicfear ar gach priontáil iad.

Is é **Ullmhúchán Taifeadta** amharc an fhillteáin: do phleananna, do Chúntais agus do phleananna fadtéarmacha in aon áit amháin, gach ceann le **Íoslódáil PDF** agus **Seol PDF ar Ríomhphost**, réidh do Mheastóireacht Scoile Uile, d'athbhreithniú scoile nó do do phríomhoide.



Ullmhúchán Taifeadta: d'fhillteán pleanála, inphriontáilte cáipéis ar cháipéis.

TAGAIRT

Ceisteanna coitianta

Cá bhfuil an cnaipe sábhála?	Sábhálann pleananna coicísiúla go huathoibríoch agus tú ag clóscríobh; tá ✓ **Sábháil Ábhar** ag gach ábhar. Tá a gcnaipí féin ag na pleananna fadtéarmacha agus ag an gCúntas: **Sábháil Plean**, **Save Draft**, **Mark Complete**.
Ní féidir liom plean fadtéarmach a chruthú.	Teastaíonn seoladh ríomhphoist deimhnithe. Úsáid an nasc deimhnithe ó do ríomhphost cláraithe, ansin bain triail eile as.
Breathnaíonn na hábhair nó na torthaí mícheart.	Leanann na roghnóirí **Mo Shocrú Curaclaim**, réimse ar réimse (1999 nó an leagan athfhorbartha). Ceartaigh ansin é. Coinníonn pleananna atá ann cheana an leagan lenar cruthaíodh iad.
Seachtainiúil, coicísiúil nó míosúil: cé acu?	Cibé ceann a úsáideann do scoil: is é rogha **Fad na Pleanála** é ar gach plean nua, ní socrú buan. An tseachtain gnáthrithim Droichead do NQTanna.
Múinim rang ilghráid.	Ar phlean nua roghnaigh **ranganna le chéile** agus ticeáil do leibhéil ranga: aon phlean comhroinnte amháin, difreáilte de réir ranga. Do phleananna fadtéarmacha, clúdaíonn aon phlean amháin ranganna na céime céanna (mar shampla Rang 3 agus Rang 4) leis an tic céime.
Níl mo phlean i liosta an Chúntais.	Ní thaispeántar ach pleananna atá marcáilte **Déanta**. Oscail an plean agus brúigh an cnaipe glas Déanta nuair atá sé múinte.
Cad is brí le "clúdaithe" agus "ar siúl" ar an gCúntas?	Cliceáil toradh chun a staid a athrú: gan chlúdach → clúdaithe → ar siúl. Ciallaíonn "ar siúl" go bhfuil tú ag leanúint leis an mhí seo chugainn, agus tugtar ar aghaidh go huathoibríoch é.
Tá m'ainm ar iarraidh ó na priontálacha.	Iarrann Baile d'ainm nuair a shíníonn tú isteach den chéad uair; priontáiltear ar cheanntásca na bpleananna agus an Chúntais é. Is féidir é a chur leis am ar bith ón leid ar Baile.
An féidir leis an bpríomhoide mo chuid pleanála a fheiceáil?	Ar cheadúnas scoile uile (Whole School), is féidir. Ar chuntas aonair (Solo Teacher) is leatsa amháin do chuid pleanála.
An féidir liom pleanáil as Gaeilge?	Is féidir. Úsáid an scoránú **English / Gaeilge** ag barr an aip; leanann leathanaigh, roghnóirí agus priontálacha an socrú teanga.
Níl rud éigin ag obair.	Seol ríomhphost chuig **ciaran@pleanail.ie**.